Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

10070/23

LIMITE

TELECOM 175
COASI 117
RELEX 669
COMPET 562
ASIE 56
SERVICES 18

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Fógra go bhfuil ar intinn Ráiteas Comhpháirteach a eisiúint ag an gComhairle Comhpháirtíochta Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (an 30 Meitheamh 2023, Súl) agus Ráiteas Comhpháirteach a eisiúint ag an gComhairle Comhpháirtíochta Digití idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (an 3-4 Iúil 2023, Tóiceo)<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 9 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún Eorpach an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise ar an eolas, i nóta[1], go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis an bplé maidir le comhpháirtíochtaí digiteacha aonair leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór d'fhonn comhar a bhunú maidir le claochlú digiteach an gheilleagair agus na sochaí.

2. Shoiléirigh an Coimisiún go mbeadh na Comhpháirtíochtaí Digiteacha i bhfoirm ionstraimí neamhcheangailteacha[2] lena dtabharfaí aghaidh ar cheithre cholún Chompás Digiteach an Aontais[3]: bonneagair, scileanna, claochlú digiteach gnólachtaí agus digitiú seirbhísí poiblí, agus d'fhéadfaí a áireamh orthu réimsí eile lena n-éascaítear comhar sa réimse digiteach agus sa trádáil.

1 WK 15233/21
2 Socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha arna dtabhairt i gcrích ag Ardrúnaithe an Choimisiúin, na Comhairle agus SEGS i mí na Nollag 2017 (15367/17).
3 https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-digital-compass-2030_en.pdf

3. Tar éis do Coreper é a fhormheas an 16 Feabhra 2022, d’údaraigh an Chomhairle don Choimisiún na comhpháirtíochtaí digiteacha a chaibidil leis an tSeapáin, Poblacht na Cóiré agus Singeapór i bhfoirm ionstraimí neamhcheangailteacha an 22 Feabhra 2022[4]. D’údaraigh an Chomhairle síniú na gComhpháirtíochtaí Digiteacha leis an tSeapáin an 11 Bealtaine, le Poblacht na Cóiré an 14 Samhain, agus le Singeapór an 19 Nollaig 2022. Síníodh na trí Chomhpháirtíocht Dhigiteacha ar leithligh ansin faoi thús 2023[5].

4. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 31 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún in iúl do na toscaireachtaí go raibh sé ar intinn aige dul i mbun plé chun Ráiteas Comhpháirteach leis an tSeapáin agus Ráiteas Comhpháirteach le Poblacht na Cóiré a tharraingt suas thar ceann an Aontais, i gcomhthéacs na gcéad chruinnithe de na Comhairlí Comhpháirtíochta Digití idir an tAontas agus an tSeapáin agus idir tAontas agus Poblacht na Cóiré (an 3-4 Iúil 2023 i dTóiceo agus an 30 Meitheamh 2023 i Súl, faoi seach)[6].

5. Is é is aidhm do na Ráitis Chomhpháirteacha idir an tAontas agus an tSeapáin agus idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré tiomantas polaitiúil an Aontais do na Comhpháirtíochtaí Digiteacha a síníodh in 2022 a athdhearbhú agus torthaí an chomhair agus na spriocanna insoláthartha nithiúla a eascraíonn as cur chun feidhme fhorálacha gach Comhpháirtíochta Digití a bhailíochtú.

6. I gcomhréir leis na socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha, gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise agus grúpaí ábhartha eile ar an eolas go rialta maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh leis an tSeapáin agus le Poblacht na Cóiré, agus go bhfillfeadh sé ar an gComhairle chun údarú a iarraidh chun gach Ráiteas Comhpháirteach a shíniú.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:
– a údarú don Choimisiún Ráitis Chomhpháirteacha a chaibidil leis an tSeapáin agus le Poblacht na Cóiré, mar a leagtar amach in WK 6927/23.

---

[4] 5862/22

[5] Seoladh an chéad Chomhpháirtíocht Dhigiteach ag an gCruinniú Mullaigh idir an tSeapáin agus an tAontas an 12 Bealtaine 2022. Shínigh an tAontas agus Poblacht na Cóiré a gComhpháirtíocht Dhigiteach an 28 Samhain 2022, agus síníodh an Chomhpháirtíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Singeapór an 1 Feabhra 2023.

[6] WK 6927/2023



PUBLIC